Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14594/19**

**RECH 507**
**COMPET 773**
**ENV 960**
**AGRI 577**
**IND 294**
**ENER 522**
**SAN 493**
**FORETS 51**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Samhain 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14187/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13229/18 + ADD 1 |
| Ábhar: | An Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe *A sustainable Bioeconomy for Europe: strenghtening the connection between economy, society and the environment* [Straitéis Bithgheilleagair inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú]<br>*- Conclúidí ón gComhairle (29 Samhaoin 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe *A sustainable Bioeconomy for Europe: strenghtening the connection between economy, society and the environment* [Bithgheilleagar Inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú] a ghlac an Chomhairle ag an 3733ú cruinniú a bhí aici ar an 29 Samhain 2019.

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN STRAITÉIS BITHGHEILLEAGAIR NUASHONRAITHE *A SUSTAINABLE BIOECONOMY FOR EUROPE: STRENGHTENING THE CONNECTION BETWEEN ECONOMY, SOCIETY AND THE ENVIRONMENT* [STRAITÉIS BITHGHEILLEAGAIR INBHUANAITHE DON EORAIP: AN NASC IDIR AN GEILLEAGAR, AN tSOCHAÍ AGUS AN COMHSHAOL A NEARTÚ]**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. MEABHRAÍTEAR DI:

– Na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta 2019, inar leagadh béim ar bhonn láidir eacnamaíoch a bhí ríthábhachtach do rathúnas agus d'iomaíochas na hEorpa, agus i bhfianaise bonn tionsclaíoch a bheadh comhtháite ar an leibhéal domhanda agus a bheadh inbhuanaithe agus iomaíoch, iarradh ar an gCoimisiún fís fhadtéarmach do thodhchaí thionsclaíoch an Aontais a thíolacadh faoi dheireadh 2019 ina ndéanfaí trácht ar na réimsí beartais ábhartha uile[1];

– gur iarr an Chomhairle Eorpach, ar an 20 Meitheamh 2019, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún Eorpach an obair a thabhairt chun cinn ar na dálaí, na dreasachtaí agus an creat cumasúcháin atá le cur i bhfeidhm d'fhonn an t-aistriú go hAontas Eorpach a bheidh aeráidneodrach, i gcomhréir le Comhaontú Pháras[2], a áirithiú;

– Na "Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2019-2024" ón Uachtarán toghaí Ursula von der Leyen agus go háirithe an "*Margadh Glas Eorpach*"[3];

– An malartú tuairimí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 19 Feabhra 2018 maidir leis an athbhreithniú ar Straitéis Bithgheilleagair an Aontais agus ról earnáil na talmhaíochta chomh maith lena ról maidir le deiseanna nua a chur ar fáil don fhás agus don fhorbairt tuaithe, lenar cuireadh in iúl gur cheart táirgeoirí príomhúla a chumasú sciar cothrom de bhreisluach an bhithgheilleagair a ghabháil;

1 EUCO 1/19
2 EUCO 9/19
3 https://ec.europa.eu/commission/interim

– An malartú tuairimí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 17-18 Nollaig 2018 maidir le ról na talmhaíochta agus na foraoiseachta i Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe an Aontais, inar athdhearbhaíodh cumas an bhithgheilleagair tacú le spriocanna comhshaoil agus aeráide an Aontais a bhaint amach trí inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht;

– An malartú tuairimí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 18 Márta 2019 maidir le Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach agus go tapa ar fud an Aontais, inar leagadh béim ar an ról lárnach a d'fhéadfadh a bheith ag an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) i leathadh acmhainneacht an bhithgheilleagair;

– An malartú tuairimí maidir le taighde ar an Talmhaíocht agus ar an mBithgheilleagar ag cruinniú neamhfhoirmiúil na n-Airí Talmhaíochta i mBúcairist ar an 4 Meitheamh 2019, a eagraíodh le linn Uachtaránacht na Rómáine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh;

– An comhdháil faoin mbithgheilleagar Scéala Bhithgheilleagair na hEorpa an 9-10 Iúil 2019, a eagraíodh faoi Uachtaránacht na Fionlainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le bithgheilleagar cuimsitheach agus inbhuanaithe a bhaint amach don Eoraip; rinneadh cur i láthair ar thoradh na comhdhála ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 14 Deireadh Fómhair 2019;

– An tuarascáil ó Uachtaránacht na Fionlainne maidir le "fís le haghaidh straitéis fhadtéarmach maidir leis an bhfás inbhuanaithe" a tíolacadh agus a pléadh ag an gComhairle Iomaíochais ar an 26-27 Meán Fómhair 2019[4]; Thug an Uachtaránacht tuairisc ar an toradh a bhí ar an bplé sin don Chomhairle Eorpach a bhí ann i mí Dheireadh Fómhair 2019;

– An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *The Future of Food and Farming* [Todhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta][5];

[4] 11965/1/19 REV1
[5] 14977/17

– Sna Teachtaireachtaí ón gCoimisiún i dtaobh *Closing the loop - An EU action plan for the Circular Economy*[6] [An lúb ar lár a dhúnadh - Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach] agus na conclúidí ón gComhairle ina leith[7], *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy*[8] [Straitéis Eorpach le haghaidh Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach], *On a monitoring framework for the circular economy*[9] [Creat Faireacháin don Gheilleagar Ciorclach], an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Gheilleagair Chiorclaigh[10] agus an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, agus na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an nGeilleagar Ciorclach a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2019[11], inar chuir an Chomhairle i bhfios go láidir go bhféadfadh geilleagar ciorclach athléimneacht agus iomaíochas gnóthaí, sochaithe, cathracha agus réigiún a fheabhsú go mór;

2. Á dTABHAIRT DÁ hAIRE DI:

– An Teachtaireacht ón gCoimisiún, an 28 Samhain 2018, maidir le *A Clean Planet for all. A European strategic long-term vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy* [Plainéad Glan do Chách: fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach ar mhaithe le geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch atá neodrach ó thaobh na haeráide de]; Páipéar Machnaimh an Choimisiúin, an 30 Eanáir 2019, "I dtreo Eoraip Inbhuanaithe faoi 2030"[12];

– An Teachtaireacht ón gCoimisiún, an 23 Iúil 2019, maidir le *Stepping up EU Action to Protect and Restore the World's Forests* [Dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú][13];

– An tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún, an 11-12 Bealtaine 2017, maidir le *The local and regional dimension of Bioeconomy and the role of regions and cities* [Gné áitiúil agus réigiúnach an Bhithgheilleagair agus ról na réigiún agus na gcathracha] (SEDEC-VI-022);

– An tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún, an 26-27 Meitheamh 2019, maidir le *A sustainable Bioeconomy for Europe: strengthening the connection between economy, society and the environment* [Straitéis Bithgheilleagair inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú] (SEDEC-VI-048);

---

[6] 14972/15
[7] 10518/16
[8] 5477/18
[9] 5478/18
[10] 7128/19
[11] 12791/19
[12] 5953/19
[13] 11449/1/19 REV1

– An tústuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, an 19 Meán Fómhair 2018, maidir le *Bioeconomy – contributing to achieving the EU's climate and energy goals and the UN's sustainable development goals* [An Bithgheilleagar – ag rannchuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais agus le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach] (NAT/739);

– An tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, an 12 Nollaig 2018, maidir le *Sustainable and inclusive Bioeconomy – new opportunities for European economy* [Bithgheilleagar inbhuanaithe cuimsitheach – deiseanna nua don gheilleagar Eorpach] (CCMI-160);

– An tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, an 15 Bealtaine 2018, maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le *A sustainable Bioeconomy for Europe: strengthening the connection between economy, society and the environment* [Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú][14];

– An tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, an 30 Deireadh Fómhair 2019, maidir leis an mBithgheilleagar Gorm[15];

– An tuairim ón mBuanchoiste Foraoiseachta maidir le bithmhais adhmaid laistigh den bheartas bithfhuinnimh inbhuanaithe san Aontas tar éis 2020, an 29 Meitheamh 2016[16];

– An tuairim ón mBuanchoiste Foraoiseachta, an 10 Deireadh Fómhair 2017, maidir le ról na bhforaoisí agus earnáil na bhforaoisí sa bhithgheilleagar[17];

3. AITHNÍONN SÍ:

– An tuarascáil ar "Athrú Aeráide agus Talamh" ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPPC)[18];

---

14 IO C 240, 16.7.2019, lch. 37-40

15 https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/blue-bioeconomy-exploratory-opinion-request-finnish-presidency

16 https://ec.europa.eu/agriculture/sites/agriculture/files/forest/standing-committee/opinions/opinion-bioenergy-sustainability_en.pdf

17 https://ec.europa.eu/agriculture/sites/agriculture/files/forest/standing-committee/opinions/opinion-2017-forest-_bioeconomy_en.pdf

18 https://www.ipcc.ch/report/srccl/ — tuarascáil speisialta ar an athrú aeráide, ar fhairsingiú fásaigh, díghrádú talún, bainistiú inbhuanaithe talún, slándáil bia, agus sruthanna gáis cheaptha teasa in éiceachórais talún

– An tuarascáil ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ar "An tAigéan agus an Crióispéir in Aeráid atá ag Athrú"[19];

– An tuarascáil mheasúnaithe dhomhanda ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais an Chláir Idir-Rialtasaigh um Beartas Eolaíochta maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES)[20];

– An Chéad Mheasúnú Muirí Comhtháite Domhanda de chuid na Náisiún Aontaithe: "Measúnú ar Aigéan Domhanda I";

– Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí 2017-2030 (UNSPF);

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún *A sustainable Bioeconomy for Europe:Strengthening the connection between economy, society and the environment* [Straitéis Bithgheilleagair inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú][21] a foilsíodh ar an 11 Deireadh Fómhair 2018 (dá ngairtear Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe Eorpach anseo feasta), lena ndírítear ar dhlús a chur le húsáid bithgheilleagair inbhuanaithe Eorpaigh, d'fhonn rannchuidiú an Aontais le cuspóirí beartais agus gealltanais idirnáisiúnta a uasmhéadú, amhail Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) ábhartha na Náisiún Aontaithe a bheartaítear ann, a chur chun feidhme, chomh maith le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide;

5. MEABHRAÍTEAR DI na cúig chuspóir a bhí i Straitéis Bithgheilleagair Eorpach tosaigh 2012: Nuálaíocht don Fhás Inbhuanaithe. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go gcumhdaítear leis an mbithgheilleagar gach earnáil agus gach córas a bhraitheann ar acmhainní bitheolaíocha (ainmhithe, plandaí, miocrorgánaigh agus bithmhais dhíorthaithe, lena n-áirítear dramhaíl orgánach), a bhfeidhmeanna agus a bprionsabail. Áirítear leis éiceachórais talún agus mhuirí, agus na seirbhísí a chuireann siad ar fáil agus déantar idirnaisc eatarthu sin leis; gach earnáil táirgthe phríomhúil a úsáideann agus a tháirgeann acmhainní bitheolaíocha (talmhaíocht, foraoiseacht, iascach agus dobharshaothrú); agus gach earnáil eacnamaíoch agus thionsclaíoch a úsáideann acmhainní agus próisis bhitheolaíocha chun bia, beatha, táirgí bithbhunaithe, fuinneamh agus seirbhísí a tháirgeadh;

---

19 https://report.ipcc.ch/srocc/ — tuarascáil speisialta ar "An Aigéan agus an Crióispéir in Aeráid atá ag Athrú"

20 https://www.ipbes.net/global-assessment-report-biodiversity-ecosystem-services

21 13229/18 + ADD1

6. TACAÍON SÍ leis na trí phríomhréimse gníomhaíochtaí a aithníodh sa Straitéis Bithgheilleagair Eorpach nuashonraithe: i) na hearnálacha bithbhunaithe a neartú agus a mhéadú, infheistíochtaí agus margaí a chur ar fáil; ii) bithgheilleagair a leathadh go beo fud fad na hEorpa; iii) teorainneacha éiceolaíocha an bhithgheilleagair a thuiscint. IARRANN SÍ ar na Ballstáit an Straitéis Bithgheilleagair Eorpach nuashonraithe a chur chun feidhme gan mhoill agus iarrann sí ar an gCoimisiún Eorpach cur chun feidhme Straitéis Bithgheilleagair an Aontais a éascú agus a chur chun cinn;

7. TUGANN SÍ DA hAIRE go bhféadfadh bithgheilleagar inbhuanaithe, mar a shainmhínítear i Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe an Aontais é, dlús a chur le hiomaíochas, fás agus athnuachan ár gcuid dtionscal, ár gcuid príomhchóras táirgthe a nuachóiriú, an comhshaol a chosaint, an bhithéagsúlacht a fheabhsú agus go leor eile nach iad. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá don bhithgheilleagar Eorpach inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht a bheith ina chroílár ionas go n-éireoidh leis agus chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an bhithgheilleagair, lena gcumhdaítear patrúin táirgeachta agus tomhaltais araon;

8. TUGANN SÍ DA hAIRE an ról lárnach atá ag bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún "Pláinéad Glan do Chách" chun Eoraip aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050 agus chun slándáil bia agus cothaithe, táirgeadh inbhuanaithe agus úsáid inbhuanaithe bithmhaise a áirithiú, cur amú bia a laghdú agus feidhmeanna agus bithéagsúlacht éiceachóras a athshlánú agus a fheabhsú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR maidir leis na hearnálacha uile a dtugtar aghaidh orthu tríd an mbithgheilleagar inbhuanaithe agus ciorclach, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil tionchar acu ar úsáid talún chomh maith le hacmhainní uisceacha, fionnuisce agus mara, go bhfuil acmhainneacht shubstaintiúil acu i ndáil le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, agus gur féidir le limistéir uirbeacha ról lárnach a imirt i gcur chun feidhme an bhithgheilleagair;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI go n-úsáideann an Straitéis Bithgheilleagair Eorpach nuashonraithe cur chuige iomlánaíoch trasearnála agus CUIREANN SÍ I dTREIS gurb aidhm don Straitéis an méid seo a leanas a nascadh: (i) acmhainneacht eacnamaíoch acmhainní nádúrtha in-athnuaite a shaothrú, ii) an sprioc soláthar a dhéanamh do riachtanais na sochaí agus iii) na cuspóirí maidir le héiceachórais talún agus mhuirí agus bithéagsúlacht a chosaint, a chothabháil agus a athbhunú;

10. CUIREANN SÍ I DTREIS a thábhachtaí atá sé leanúint den phlé lasmuigh de theorainneacha earnála sa Chomhairle agus i bhfóraim eile, agus an comhleanúnachas agus na sineirgí idir beartais éagsúla an Aontais á gcur san áireamh, chomh maith leis an ngá atá ann athruithe sistéamacha a bhaineann leis an mbithgheilleagar a thiomáint agus a stiúradh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé tábhachtach dearcadh iomlánaíoch a chur chun cinn maidir leis an mbithgheilleagar a chur chun feidhme, sa phlé náisiúnta agus réigiúnach chomh maith, mar gur gá an inbhuanaitheacht shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch a áirithiú san aistriú chuig geilleagar a bheidh aeráidneodrach i gcomhréir le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide. MOLANN SÍ don Choimisiún, do na Ballstáit agus do na réigiúin aon éifeachtaí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha a bhaineann leis an aistriú a chur san áireamh agus bearta iomchuí a dhéanamh chun aistriú cothrom cuimsitheach a áirithiú do chách; CUIREANN SÍ I dTREIS go gcuireann an bithgheilleagar deiseanna ar fáil d'fhás inbhuanaithe ar fud an Aontais Eorpaigh i limistéir uirbeacha, thuaithe agus chósta.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil roinnt Ballstát tar éis straitéisí tiomanta bithgheilleagair nó straitéisí a bhaineann leis an mbithgheilleagar a fhorbairt cheana féin, agus go bhfuil cinn eile ag forbairt nó ag nuashonrú a straitéisí féin go náisiúnta, go réigiúnach nó go háitiúil. IARANN SÍ ar an gCoimisiún maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Bithgheilleagair nuashonraithe Eorpaí agus an phlean gníomhaíochta. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhairle a chur ar fáil do na Ballstáit chun Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe an Aontais a chur chun feidhme go mear, agus chun sineirgí a lorg idir foinsí éagsúla maoinithe, lena n-áirítear na Cistí Struchtúracha chun leathadh bithgheilleagar réigiúnach agus áitiúil a chur chun cinn a thuilleadh agus go mear fud fad na hEorpa. Cuireann SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil straitéisí bithgheilleagair náisiúnta agus réigiúnacha ábhartha chun tacú leis an acmhainneacht eacnamaíoch inbhuanaithe i bpobail áitiúla;

12. Is DÍOL SÁSAIMH DI go mbunófar Saoráid Tacaíochta um Beartas Bithgheilleagair an Aontais do na Ballstáit chun tacú le Straitéisí Bithgheilleagair náisiúnta/réigiúnacha a fhorbairt. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a straitéisí náisiúnta maidir le bithgheilleagair inbhuanaithe agus chiorclacha a fhorbairt nó a nuashonrú, agus sainiúlachtaí macrairéigiúnacha agus réigiúnacha agus tionscnaimh iomchuí amhail BANOS, BIOEAST, BLUEMED, EUSBSR agus PRIMA á gcur san áireamh[22];

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-aithnítear leis an Straitéis Bithgheilleagair Nuashonraithe an ilchineálacht idir na Ballstáit maidir leis an méid a chuireann siad leis an mbithgheilleagar, mar shampla breisluach íseal agus cumas tearcúsáidte bithmhaise i Lár agus in Oirthear na hEorpa. SPREAGANN SÍ na Ballstáit atá rannpháirteach in BIOEAST leanúint de bhithgheilleagair inbhuanaithe chiorclacha a fhorbairt. IARANN SÍ ar an gCoimisiún tacaíocht bheartais a chur ar fáil do na tíortha sin maidir le Straitéisí agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun bithgheilleagair a imscaradh trí bhíthin na n-uirlisí agus na n-ionstraimí atá aige cheana chun na críche sin;

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur príomhchumasóirí agus príomhthiománaithe iad an taighde, an nuálaíocht agus na hinfheistíochtaí san aistriú chuig bithgheilleagar ciorclach, inbhuanaithe agus geilleagar atá aeráidneodrach i gcoitinne. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch, agus ar an gcomhar idirnáisiúnta chun spleáchas na hEorpa ar tháirgí iontaise a laghdú, chun spriocanna an Aontais maidir leis an athrú aeráide a bhaint amach, chun fás inbhuanaithe a chothú agus chun éiceachórais agus bithéagsúlacht a athbhunú agus a chosaint;

---

[22] BANOS: Comhordú agus Gníomhaíocht Tacaíochta Mhuir Bhailt agus na Mara Thuaidh, BIOEAST: Tionscnamh Lár agus Oirthear na hEorpa don talmhaíocht, don dobharshaothrú agus don fhoraoiseacht eolasbhunaithe sa bhithgheilleagar, BLUEMED: tionscnamh taighde agus nuálaíochta chun an geilleagar gorm a chur chun cinn in Imchuach na Meánmhara, EUSBSR: Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt, PRIMA: An Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara.

15. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé dúshláin dhomhanda a réiteach tríd an mbithgheilleagar inbhuanaithe agus ciorclach a chur chun cinn. AITHNÍONN SÍ, i dteannta bhraisle beartaithe 'Fís Eorpach' do "Bia, Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíocht agus Comhshaol", go bhféachtar i bPróiseas Pleanála Straitéisí 'Fís Eorpach' ar dheiseanna chun imscaradh an bhithgheilleagair a chur chun cinn ar fud na hEorpa, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí agus misin. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart cur chuige córasach a bheartú d'fhonn sineirgí agus deiseanna giarála a chruthú le cláir uile an Aontais lena rannchuideofar leis an mbithgheilleagar inbhuanaithe agus ciorclach a bhaint amach mar chuid lárnach den gheilleagar a bheidh aeráidneodrach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE sa chomhthéacs sin a thábhachtaí atá na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí agus na samhlacha nua gnó a d'fhéadfadh a bheith ag an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear FBManna agus micrifhiontair a thacaíonn leis an aistriú agus leis an athrú sistéamach;

16. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR an gá atá le sonraí níos fearr agus le torthaí taighde a scaipeadh agus a shaothrú ar bhealach níos fearr. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an mbonn eolais maidir le beartais a cheapadh agus a scaipeadh tríd an Ionad Eolais maidir leis an mBithgheilleagar. IARANN SÍ ar an gCoimisiún obair a dhéanamh leis na Ballstáit chun dea-chleachtais a mhalartú i réimse an bhithgheilleagair. IARANN SÍ ar an gCoimisiún creat cuimsitheach faireacháin bithgheilleagair a fhorbairt agus a úsáid, i gcomhar leis na Ballstáit, lena gcumhdófar gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta, agus é a chur ar fáil go poiblí trína Ionad Eolais maidir leis an mBithgheilleagar;

17. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá cumarsáid agus oideachas chun inghlacthacht agus tarraingteacht ábhar, táirgí agus seirbhísí bithbhunaithe a mhéadú, agus chun acmhainneacht an bhithgheilleagair a phríomhshruthú. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann feabhas a chur ar fheasacht agus ar mhuinín na dtomhaltóirí maidir leis an mbithgheilleagar agus a cuid táirgí agus seirbhísí. CUIREANN SÍ I bhFIOS go gcuirfidh úsáid bithgheilleagair inbhuanaithe chiorclaigh cás maith gnó ar fáil do tháirgeoirí príomhúla, go gcuirfidh sé borradh faoi iomaíochas earnálacha an bhithgheilleagair, agus go dtacóidh sé le slabhraí luacha nua a chruthú ar fud na hEorpa, agus go bhfeabhsóidh sé stádas foriomlán ár n-acmhainní nádúrtha ag an am céanna;

18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an digitiú ar cheann de na príomhthionánaithe le dlús a chur le táirgiúlacht, fás inbhuanaithe, rathúnas agus fostaíocht na hEorpa sa chomhthéacs domhanda agus, dá bhrí sin, le haistriú cothrom i dtreo aeráidneodrachta, go háirithe mar gheall ar an acmhainneacht mhargaidh dhomhanda atá ag dul i méid go gasta do réitigh bhithbhunaithe, chiorclacha agus atá neamhdhíobhálach don aeráid; Cuireann SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an acmhainneacht sin a shaothrú ina hiomláine chun an bithgheilleagar ciorclach agus inbhuanaithe a chur chun cinn go héifeachtúil;

19. IS DÍOL SÁSAIMH DI na gníomhaíochtaí cistiúcháin agus infheistíochta don bhithgheilleagar a aithnítear i Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe Eorpach, agus an dul chun cinn maidir leis an gCiste Infheistíochta Bithgheilleagair Chiorclaigh a bhunú. MEASANN SÍ gur príomhchoinníoll é rochtain ar mhaoiniú do thionscadail nuálaíocha bhithgheilleagair chun réitigh bhithgheilleagair a leathadh. IARANN SÍ ar an gCoimisiún dlús a chur leis an infheistíocht sa bhithgheilleagar inbhuanaithe amach anseo, go háirithe laistigh d'ionstraimí ábhartha cistiúcháin an Aontais agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit féachaint ar bhealaí chun leas a bhaint as an gcistiú náisiúnta agus réigiúnach;

20. AITHNÍONN SÍ, ag féachaint go sonrach don Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "A Clean Planet for all" [Pláinéad Glan do Chách], na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an mbithgheilleagar chun cuidiú le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le maolúcháin agus oiriúnúcháin an athrú aeráide. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na "hathbhreithnithe" a rinne an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus an Coimisiún ina leith sin, go háirithe an tuarascáil speisialta maidir leis an Athrú Aeráide agus Talamh. CUIREANN SÍ I bhFIOS go meabhraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún go mbeidh ról ríthábhachtach ag feabhsú tháirgiúlacht na n-acmhainní uisceacha agus mara maidir le réimse iomlán dheiseanna an bhithgheilleagair a ghabháil chun dul i ngleic leis an athrú aeráide laistigh de theorainneacha pláinéadacha;

21. Cuireann SÍ I dTREIS gur féidir leis an mbithgheilleagar ciorclach inbhuanaithe réitigh a chur ar fáil maidir le táirgí agus ábhair bhithbhunaithe a chur in ionad acmhainní príomhúla atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise agus ar acmhainní neamh-inathnuaite eile. Áirítear orthu sin úsáid tíosach ar acmhainní agus athúsáid táirgí agus ábhar bithbhunaithe, go háirithe réitigh d'ionadaithe in-athchúrsáilte bithbhunaithe agus in-bhithdhíghrádaithe muirí do phlaistigh agus do mhicreaphlaistigh, agus lena rannchuidítear freisin le farraigí agus aigéin fholláine saor ó phlaisteach, agus le dramhaíl phlaisteach ón bhfarraige agus ón talamh a laghdú;

22. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an acmhainneacht a bhaineann leis an tsiombóis agra-éiceolaíoch agus thionsclaíoch agus leis an mbiteicneolaíocht uisceach, fionnuisce agus ghorm mhuirí, dramhaíl orgánach agus taobhshruthanna, chomh maith leis an earnáil foraoiseachta maidir le réitigh nua a chruthú agus táirgí, bithábhair agus acmhainní a chothabháil agus a fhorbairt sa gheilleagar chun breisluach a chur leo a fhad is féidir; CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhféadfaí an bithgheilleagar a fheabhsú trí tháirgeadh inbhuanaithe próitéiní plandúla, e.g. féar agus seamair chun spleáchas ar phróitéiní allmhairithe a laghdú;

23. AITHNÍONN SÍ go bhfuil "cur chun cinn na fostaíochta, an fháis, an chuimsithe shóisialta agus na forbartha áitiúla i gceantair thuaithe, lena n-áirítear an bithgheilleagar agus an fhoraoiseacht inbhuanaithe" ar cheann de na naoi gcuspóir atá sa togra maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) do na blianta 2021 go 2027 agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfadh an bithgheilleagar cur go suntasach leis an gcuspóir sin, i bhfianaise an chumais atá aige luach eacnamaíoch agus rathúnas a chruthú, agus á chur san áireamh go bhfuil an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht i measc na príomhsholáthróirí bithmhaise talamhbhunaithe;

24. MEASANN SÍ gur earnáil straitéiseach í an talmhaíocht, mar a rialaítear í leis an CBT, a bhfuil sé d'acmhainneacht aici bithgheilleagar inbhuanaithe agus ciorclach a úsáid sna Ballstáit éagsúla trí roinnt ionstraimí, go háirithe i réimse na forbartha tuaithe. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur féidir tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh, i measc nithe eile, ar an gComhpháirtíocht Eorpach um Nuáil Talmhaíochta (EIP-AGRI), ar an gcomhar agus ar na Córais Eolais agus Nuálaíochta Talmhaíochta (AKIS) chun tacú go héifeachtach le himscaradh bhithgheilleagair áitiúla sna Ballstáit agus ina gcríocha. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tionscnaimh bhithgheilleagair a phleanáil agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí an chomhthéacs áitiúil; Dá bhrí sin, MEASANN SÍ go bhféadfadh LEADER, mar straitéis forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail, a bheith ar cheann de na hionstraimí chun na críche sin;

25. AITHNÍONN SÍ acmhainneacht ollmhór an bhithgheilleagair do tháirgeoirí príomhúla (lena n-áirítear feirmeoirí, foraoiseoirí agus iascairí), mar is féidir, ag brath ar chórais táirgthe chiorclacha agus inbhuanaithe, ar an gcéad dul síos, an tslándáil bia a áirithiú agus fás agus poist a chur ar fáil i limistéir thuaithe agus chósta. Cuireann SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá táirgeoirí príomhúla a chomhtháthú ar bhealach níos fearr sna slabhraí breisluacha bithbhunaithe nua, le cur ar a gcumas sciar cothrom den bhreisluach cruthaithe a ghabháil, mar shampla, trí chomhar i measc agus le feirmeoirí, comharchumainn, próiseálaithe agus gníomhaithe eile sa slabhra luacha**;**

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil timpeallacht oibríochtúil an bhithgheilleagair ag athrú de shíor, lena n-áirítear athrú ó chórais táirgthe atá líneach, go córais atá ciorclach agus sábháilte. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhleanúnachas beartais a áirithiú idir an bithgheilleagar agus beartais eile, go háirithe an Comhbheartas Talmhaíochta, an Comhbheartas Iascaigh, beartas muirí comhtháite, beartas comhshaoil, beartais fuinnimh agus aeráide, beartas sláinte, beartas taighde agus nuálaíochta, beartas tionsclaíoch, beartas trádála, beartais maidir leis an margadh inmheánach agus beartais a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach;

27. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart bithgheilleagar Eorpach inbhuanaithe a bheith ar cheann de na príomhghnéithe chun an Margadh Glas Eorpach a chur chun feidhme;

28. IARANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar staid an bheartais oibríochtúil, agus ar an timpeallacht eacnamaíoch agus shóisialta. AITHNÍONN SÍ gur gá measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Straitéise Bithgheilleagair nuashonraithe Eorpaí mar chumasóir bunriachtanach amháin chun geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus fás inbhuanaithe a bhaint amach; IARANN SÍ ar an gCoimisiún nua tuarascáil ar dhul chun cinn a chur ar fáil, agus más iomchuí, an plean gníomhaíochta agus/nó an Straitéis a nuashonrú faoi 2022 ar a dhéanaí.